Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**6755/24**

**ENER 86**
**CLIMA 76**
**TRANS 102**
**IND 95**
**COMPET 193**
**FIN 173**
**RECH 76**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Feabhra 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5711/24 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta san Aontas: Pleananna uaillmhianacha don fhás ach is dúshlán fós í an inbhuanaitheacht'<br>- Conclúidí ón gComhairle (19 Feabhra 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: 'Fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta san Aontas: Pleananna uaillmhianacha don fhás ach is dúshlán fós í an inbhuanaitheacht', mar a d'fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha iad ag an gcruinniú a bhí aici an 19 Feabhra 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta san Aontas: Pleananna uaillmhianacha don fhás ach is dúshlán fós í an inbhuanaitheacht'.**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. GABHANN SÍ BUÍOCHAS le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa as Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2023 dar teideal 'Fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta san Aontas: Pleananna uaillmhianacha don fhás ach is dúshlán fós í an inbhuanaitheacht'.

2. AITHNÍONN SÍ gur ar fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta san Aontas Eorpach a dhírítear sa Tuarascáil Speisialta.

3. MEABHRAÍONN SÍ gur tháinig Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú le déanaí maidir le formhór na reachtaíochta faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55', lena leagtar síos an creat chun spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 an Aontais a chur chun feidhme; agus sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar na hathbhreithnithe ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis na forálacha maidir le deonú ceadanna a éascú le haghaidh tionscadail chomhpháirteacha fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta[1].

4. MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta chun rannchuidiú le cuspóirí aeráide an Aontais, praghsanna iomaíocha fuinnimh agus soláthar fuinnimh athléimneach a bhaint amach san Eoraip.

[1] Airteagal 1(4)(b) de Threoir (AE) 2023/2413 lena leasaítear Treoir 2018/2001 chun mír 7a a chur le hAirteagal 9

5. CUIREANN SÍ BÉIM ar na comhaontuithe neamhcheangailteacha éagsúla atá ann chun oibriú i gcomhar le chéile maidir le spriocanna do ghiniúint fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a chur i gcrích, ar spriocanna iad a imscarfar laistigh de gach imchuach farraige faoi 2050 le céimeanna idirmheánacha in 2040 agus 2030[2] arna gcur i gcrích de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán GTE-F[3]. Tugann na figiúirí comhcheangailte uaillmhian fhoriomlán thart ar 111 GW d'acmhainneacht giniúna fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a shuiteáil faoi dheireadh na deacáide seo.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an plé atá ar siúl faoi láthair maidir le himchuacha éagsúla farraige an Aontais chomh maith leis na dearbhuithe agus na ráitis chomhpháirteacha is déanaí maidir le himchuacha áirithe farraige lena méadaítear a thuilleadh na huaillmhianta[4] agus lena sainaithnítear gníomhaíochtaí chun uaillmhianta a bhaint amach[5].

7. TÁ SÍ AG SÚIL leis an Treoir maidir le Leithdháileadh Costas Trasteorann agus le pleananna comhtháite straitéiseacha ardleibhéil maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta ón Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais le haghaidh gach imchuach farraige mar a cheanglaítear le GTE-F, mar chuid de gach timthriall plean forbartha gréasáin 10 mbliana.

8. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide arna leagan síos ag na Ballstáit chun na cuspóirí éagsúla a bhaint amach

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE GO CUÍ na barúlacha, na conclúidí agus na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta; lena n-áirítear gur gá aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla ar bhealach struchtúrach, agus go háirithe ar an iarraidh go gcuirfí dlús le himscaradh comhordaithe inbhuanaithe an fhuinnimh inathnuaite amach ón gcósta.

---

2 Comhaontuithe neamhcheangailteacha an 19 Eanáir 2023 maidir le spriocanna do ghiniúint fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta in 2050 le céimeanna idirmheánacha in 2040 agus 2030 le haghaidh eangacha tosaíochta amach ón gcósta de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2022/869 GTE-F haghaidh na n-eangacha amach ón gcósta seo faoi seach: eangacha amach ón gcósta sna Mara Thuaidh (EACMT); eangacha amach ón gcósta de chuid an Phlean Idirnaisc don Mhargadh Fuinnimh Baltach (PIMBF amach ón gcósta); eangacha amach ón gcósta de chuid an Deiscirt agus an Iarthair (EDI amach ón gcósta); eangacha amach ón gcósta de chuid an Deiscirt agus an Oirthir (EDO amach ón gcósta)

3 Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair
fuinnimh tras-Eorpach, lena n-áirítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45).

4 E.g. Dearbhú Esbjerg, Dearbhú Marienborg, Ráiteas Comhpháirteach NSEC Dearbhú Ostend, et al.

5 E.g. Clár Oibre Gníomhaíochta NSEC, Dearbhú Aireachta Porto maidir leis an Straitéis um Imchuach an Atlantaigh, et al.